Creative Places Balbriggan

CREATIVE YOUTH
CREATIVE INDUSTRY
CLIMATE ACTION

# Scéim Síolchistiúcháin
## *Making Waves*
## 2026

## Treoirlínte

Creative Places Balbriggan is part of the national Creative Places programme developed and funded by the Arts Council.

# Réamhrá

Tionscadal trí bliana atá á chistiú ag an gComhairle Ealaíon is ea an clár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín', arb é an phríomhaidhm atá leis na healaíona a dhéanamh níos inrochtana ón taobh sóisialta de i bpobal Bhaile Brigín.

Leis an Scéim Síolchistiúcháin *Making Waves* 2026, tugtar deis d'ealaíontóirí, do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí pobail laistigh de Bhaile Brigín iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua cruthaitheachta nach raibh ar oscailt dóibh roimhe seo.
Tá an scéim ar oscailt freisin d'iarratais ó ealaíontóirí atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Brigín agus atá toilteanach obair i gcomhar le grúpa nó eagraíocht pobail i mBaile Brigín.

De réir Straitéis an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' 2026-2027, tá trí phríomhcholún tosaíochta ag an tionscadal. Is é is aidhm don scéim *Making Waves* cláir agus deiseanna a shíolchistiú chun tús a chur le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus rannphairtíocht chruthaitheach a fhorbairt faoi threoir na gcolún, atá mar a leanas:

- Óige Ildánach
- Tionscal Ildánach
- Gníomhú ar son na hAeráide

Tá sé mar aidhm leis na colúin na healaíona a fheabhsú i bPobal Bhaile Brigín trí na spriocanna seo a leanas, mar atá leagtha amach i Straitéis an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' 2026-2027:

- Bíonn níos mó daoine óga i mBaile Brigín ag glacadh páirt sna healaíona, ag brath go bhfuil meas orthu agus ag rannchuidiú go muiníneach lena dtodhchaí féin agus le todhchaí Bhaile Brigín.
- Is ionann Baile Brigín agus pobal forásach a thacaíonn go gníomhach le deiseanna d'ealaíontóirí, do ghairmithe cruthaitheacha agus dóibh sin a bhfuil spéis acu i ngairmeacha cruthaitheacha agus a fhorbraíonn deiseanna den sórt sin go gníomhach.

- Bíonn feasacht agus comhoibriú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide á gcruthú go gníomhach ag Baile Brigín trí rannpháirtíocht chruthaitheach an phobail agus trí thionscadail forbartha ealaíne.

Tá na colúin agus na spriocanna sin ag teacht freisin le trí cinn de na spriocanna straitéiseacha atá i bPlean Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall 2019-2029, is iad sin: Spás a Chruthú don Ealaín; Daoine agus Smaointe a Cheangal le Chéile; agus Sármhaitheas a Chumasú.

Leis an scéim *Making Waves,* tacófar le cruthaitheacht chomhoibríoch atá gafa ón taobh sóisialta de chun cláir a shíolchistiú lena gcuirfear na spriocanna sin chun cinn agus lena dtabharfar deis do dhaoine i mBaile Brigín páirt a ghlacadh sna healaíona mar chuid dá ngnáthshaol laethúil ar bhealach atá oiriúnach dóibh agus atá faoina stiúir féin.

## Sula nDéanfaidh Tú Iarratas

Sula ndéanfaidh siad iarratas, is gá d'aon iarratasóirí a bhfuil spéis acu sa scéim comhairliúchán a chur in áirithe le Cormac McDonagh, comhordaitheoir an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín'.

Ríomhphost: cormac.mcdonagh@fingal.ie
Fón: 087 7141691

## Foirm Iarratais

Tar éis an chomhairliúcháin, ceanglófar ar iarratasóirí a mheasfar a bheith oiriúnach chun dul ar aghaidh foirm iarratais ar líne a chomhlánú.

## An Méid Cistiúcháin a bhféadfar iarratas a dhéanamh air

Leis an scéim *Making Waves*, glacfar le hiarratais ar mhéideanna idir €1,000 agus €5,000 lena mbreithniú.

Dámhfar €1,000 ar a laghad d'aon iarratas rathúil; féadfar páirtchistiú a dhámhachtain, áfach, bunaithe ar an moladh ón bpainéal measúnaithe.

## Critéir Incháilitheachta

1. Cónaitheacht/oibriú:

- Ní mór do ghrúpaí nó eagraíochtaí pobail a bheith lonnaithe nó ag oibriú laistigh de Bhaile Brigín.
- Féadfaidh ealaíontóirí cónaí lasmuigh de Bhaile Brigín, ach ní mór dóibh a bheith tiomanta d'obair i gcomhar le grúpa nó eagraíocht atá lonnaithe i mBaile Brigín.
- Ní mór na gníomhaíochtaí beartaithe a dhéanamh i mBaile Brigín agus ní mór tábhacht ar leith a bheith ag baint leo do phobal Bhaile Brigín.
- Ní mór d'iarratasóirí a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine tráth a n-iarratais.

2. Fiúntas ealaíne agus rannpháirtíocht shóisialta:

- Chuir Oifig Ealaíon Fhine Gall agus an clár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' a n-ainm leis an mbeartas um an Ealaíontóir a Íoc de chuid na Comhairle Ealaíon. Dá bhrí sin, ní mór táillí cuí d'ealaíontóirí agus an luach saothair a theastaíonn chun an clár oibre beartaithe a chur i gcrích a bheith ar áireamh i ngach iarratas. Ní bhreithneofar aon iarratas nach bhfuil an fhaisnéis sin ann.
- Ní mór fiúntas ealaíne agus tionchar féideartha a thaispeáint i leith na gclár a dtabharfar tuairisc orthu.
- Ní mór d'ealaíontóirí aonair a bheidh ag déanamh iarratais fianaise a sholáthar ar shaothar nó taithí roimhe sna healaíona. Ar an gcaoi chéanna, sula ndéanfaidh siad iarratas, ní mór ealaíontóir a bheith fostaithe ag grúpaí pobail nó ag eagraíochtaí pobail a bheidh ag déanamh iarratais, agus fianaise á tabhairt ar shaothar roimhe an ealaíontóra sin.
- Ní mór do gach iarratasóir a thaispeáint go soiléir go mbeidh sé de chumas acu a gclár beartaithe a phleanáil agus a chur i gcrích go rathúil. Ní mór dóibh a miondealú ar chaiteachas a thaispeáint go soiléir freisin.
- Ba cheart do gach clár beartaithe fianaise a léiriú ar chleachtas atá gafa ón taobh sóisialta de trína bheith pobaltreoraithe agus trí dhíriú níos mó ar chomhoibriú ná ar thoradh críochnaithe sonrach a bheith acu faoi dheireadh an chláir – ***"Próiseas seachas Táirgeadh"***

3. Amlíne Cláir

- Ní mór amlíne réamh-mheasta le haghaidh cur chun feidhme a bheith ar áireamh i ngach iarratas, amhail an líon seisiún, minicíocht

na seisiún, na láithreacha beartaithe agus na dátaí.
- Ní mór gach clár a chur ar siúl agus a chur i gcrích go hiomlán faoin 28 Feabhra 2027.

## Cé na nithe a bhféadfar iarratas a dhéanamh orthu?

Tá cistiú ar fáil chun costais ealaíne agus chruthaitheacha a chumhdach a bhaineann go díreach leis an tionscadal beartaithe a sholáthar. Áirítear leis na costais incháilithe táillí do ghairmithe agus ábhair a rannchuidíonn leis an tionscadal ealaíne a fhorbairt agus a sholáthar.

1. Táillí d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí cruthaitheacha:
   Féadfar an deontas a úsáid chun íocaíochtaí a chumhdach a dhéantar le gairmithe a ghabhann don éascú, do ghníomhaíochtaí ceardlainne agus do chomhoibriú cruthaitheach, amhail iad seo a leanas:

- Amharc-ealaíontóirí, i.e., péintéireacht, dealbhóireacht, dearadh, líníocht
- Ceoltóirí agus cumadóirí
- Éascaitheoirí meán don phodchraoltóireacht, don scannánaíocht, don bheochan, do dhearadh cluichí, etc.
- Éascaitheoirí drámaíochta
- Scríbhneoirí nó filí
- Cóiréagrafaithe damhsa
- Éascaitheoirí ailtireachta agus éascaitheoirí comhfhorbairt áite

2. Costais chláir:
   Féadfar an deontas a úsáid chun íocaíochtaí a chumhdach a bhaineann leis na míreanna seo a leanas chun an clár a chur i gcrích:

- Spás a fháil ar cíos agus/nó ionad a fhruiliú
- Trealamh agus/nó uirlisí a fhruiliú, amhail trealamh closamhairc

3. Ábhair agus soláthairtí:
   Ábhair a bhaineann go díreach leis an saothar ealaíne a chruthú agus a chur i ngníomh, amhail iad seo a leanas:

- Soláthairtí ealaíne, amhail péinteanna, canbhás, cré, etc.
- Prapaí agus feisteas don amharclannaíocht, don damhsa nó do na hamharc-ealaíona.

- Ábhair scríbhneoireachta, amhail pinn/pinn luaidhe agus leabhair nótaí.

4. Costais inrochtaineachta:

- Iompar (do ghrúpaí rannpháirteacha atá 55 bliana d'aois nó níos sine amháin nó do dhaoine aonair a bhfuil míchumas orthu),
- Costais tacaíochta do chúramóirí nó do chúntóirí pearsanta,
- Ateangairí teanga comharthaíochta a fhostú,
- Seirbhísí tráchtaireachta fuaime nó teidealaithe a sholáthar,
- Limistéar Ciúin atá Oiriúnach do na Céadfaí a chruthú.

## Cé na nithe nach bhféadfar iarratas a dhéanamh orthu?

Ní bheidh na míreanna seo a leanas incháilithe faoin scéim cistiúcháin seo:

- Imeachtaí aonuaire
- Féilte
- Costais chaipitil, i.e., athchóirithe nó uasghráduithe ar fhoirgnimh
- Ceannach trealaimh
- Bia agus deoch nó aon sólaistí eile
- Costais chóiríochta nó taistil
- Aon chostais chúlghabhálacha a bhaineann leis an gclár roimh an iarratas
- Ranníocaíochtaí le cruinniú airgid nó le himeachtaí cruinnithe airgid
- Imeachtaí nó cláir nach imeachtaí ná cláir ealaíne iad
- Costais ghinearálta riaracháin, amhail iad seo a leanas:
  - Óstáil suímh Gréasáin
  - Postas agus páipéarachas
  - Soláthairtí oifige, billí fóin nó creidmheas,
  - Costais fóntais agus costais leanúnacha oibriúcháin.
- Costais mhargaíochta agus fógraíochta, lena n-áirítear póstaeir, bileoga, seirbhísí caidrimh phoiblí, agus earraí cur chun cinn, amhail t-léinte, meirgí, etc.
- Tograí nach bhfuil aon chuspóir ealaíne soiléir leo, amhail imeachtaí spóirt, oidhreachta nó áineasa.
- Foilseacháin chlóite, seachas foilseacháin chlóite a thagann as obair chomhoibríoch a cruthaíodh mar thoradh ar an gclár.
- Imeachtaí comórtha, lena n-áirítear ócáidí ceiliúrtha stairiúla.

**Tosaíochtaí Cistiúcháin**

- I gcás gach gníomhaíochta beartaithe, ní mór comhoibriú soiléir a thaispeáint idir ealaíontóir agus grúpa pobail nó cliantbhaill d'eagraíocht pobail, ar comhoibriú é a chuireann béim shoiléir ar phróiseas comhoibríoch seachas ar aschuir chríochnaithe a tháirgeadh.
- Ní mór d'iarratais tacú le colún amháin ar a laghad de Straitéis an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' – Óige Ildánach, Tionscal Ildánach, nó Gníomhú ar son na hAeráide.
- Ní mór a léiriú in iarratais go mbeifear páirteach i gceann amháin ar a laghad de na foirmeacha ealaíne a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leo: ailtireacht, sorcas, damhsa, scannánaíocht, litríocht, ceol, ceoldrámaíocht, na healaíona sráide agus mórthaibhsiú, amharclannaíocht, na healaíona traidisiúnta, agus na hamharc-ealaíona.
- Ní mór do phríomhiarratasóirí cuntas bainc atá cláraithe ina n-ainm féin a bheith acu chun cistí a fháil.
- Ní mór do Ghrúpaí Pobail a bheidh ag déanamh iarratais a bheith cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall.
- Ní mór admhálacha i leith na gcostas uile a mbeidh iarratas déanta orthu a choimeád agus a chur isteach tráth chríochnú an chláir.
- Soláthrófar tuairisc iarchláir do na hiarratasóirí rathúla uile lena comhlánú acu tráth chríochnú an chláir.

## Spriocdháta le haghaidh Iarratas a Dhéanamh

Is é an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais ná **5 p.m., Dé hAoine an 26 Meitheamh 2026.**

## An Próiseas Iarratais

1. Foirm iarratais:
   - Comhlánaigh an fhoirm iarratais ar líne ag Submit.com.
   - Tabhair faisnéis mhionsonraithe faoin tionscadal beartaithe. Áirítear leis sin cuspóirí, plean cláir agus amlíne.
   - Tabhair buiséad miondealaithe, agus luaigh an méid cistiúcháin atá á iarraidh.

2. Doiciméid tacaíochta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dóibh):
   - CV nó beathaisnéis na n-ealaíontóirí, na gcomhpháirtithe agus/nó na gcomhoibrithe.
   - Samplaí de shaothar roimhe. Is féidir go n-áireofar leis sin grianghraif, cóirithe, dréachtscóir, agus taifeadtaí fuaime nó físe (naisc chuig YouTube, Vimeo, Soundcloud, MP4, etc.).

- Litreacha tacaíochta agus/nó gealltanais

3. Cur isteach:
   - Ní mór iarratais a chur isteach faoin spriocdháta sonraithe:
     **5 p.m., Dé hAoine an 26 Meitheamh 2026**
   - Ní bhreithneofar iarratais atá déanach, atá neamhiomlán nó atá seolta leis an bpost.

## Critéir Mheasúnaithe

Déanfar measúnú ar iarratais in aghaidh na gcritéar seo a leanas:

1. Cáilíocht ealaíne:
   - Nuálaíocht, cruthaitheacht, agus fiúntas ealaíne an chláir bheartaithe
   - Teist agus taithí na n-ealaíontóirí aonair, an ghrúpa pobail nó na heagraíochta pobail.

2. Ailíniú leis na colúin atá i Straitéis an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín'
   - Ní mór don chlár beartaithe ailíniú le ceann amháin ar a laghad de na trí cholún straitéise: Óige Ildánach; Tionscal Ildánach; agus/nó Gníomhú ar son na hAeráide.

3. Tionchar pobail:
   - Na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann do phobal Bhaile Brigín.
   - Rannpháirtíocht daoine de phobal Bhaile Brigín.

4. Indéantacht:
   - Plean agus amlíne cláir atá soiléir agus réalaíoch.
   - Buiséad mionsonraithe inchosanta.

---

## Conas iarratas a dhéanamh

Glactar le hiarratais trínár dtairseach ar líne. Soláthróidh an comhordaitheoir nasc chuig an bhfoirm iarratais d'iarratasóirí leis an ríomhphost tar éis an chomhairliúcháin tosaigh.

An dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais:

5 p.m., Dé hAoine an 26 Meitheamh 2026

Ní ghlacfar le hiarratais atá déanach/neamhiomlán

Más rud é go mbíonn aon cheisteanna agat nó go dteastaíonn tacaíocht uait maidir le d'iarratas, seol ríomhphost chuig Cormac McDonagh, Comhordaitheoir an Chláir 'Áiteanna Ildánacha' ag cormac.mcdonagh@fingal.ie.

# Aguisín

## Coinníollacha na Dámhachtana

1. Beidh an cistiú ar fad a dhámhfar faoi réir cistí a bheith ar fáil. Féadfar deontais a choinneáil siar faoi rogha Chomhairle Contae Fhine Gall.
2. Ní fhéadfaidh daoine aonair, grúpaí pobail ná eagraíochtaí pobail a bheith páirteach ach in iarratas amháin, cibé acu mar phríomhiarratasóir nó mar chuid d'iarratas.
3. Ceanglaítear ar an bpríomhiarratasóir cuntas bainc a bheith aige/aici, ar cuntas é ina gcuirfear an deontas dáfa i dtaisce más rud é go n-éireoidh leis an iarratas. Ní mór don phríomhiarratasóir an t-ealaíontóir agus aon chostais eile a bhaineann leis an gclár beartaithe a íoc go díreach as an gcistiú a dhámhfar.
4. Ní mór don phríomhiarratasóir rochtain a bheith aige/aici ar shaoráidí atá cuí don chlár beartaithe, i.e., acmhainn dhigiteach, áit stórála, seomra téite, saoráidí leithris, uisce reatha te agus fuar, coiste bainistíochta, cathaoirleach, feighlí, etc.
5. Ní mór iarratais agus doiciméadacht tacaíochta a chur isteach ar líne tríd an nasc atá tugtha.
6. Ní mór iarratais a bheith iomlán agus ní mór an doiciméadacht tacaíochta iomchuí ar fad a bheith ag gabháil leo. Ní ghlacfar le hiarratais atá neamhiomlán agus/nó déanach.
7. Ní ghlacfar le haon iarratais a sheolfar leis an ríomhphost ná leis an bpost – ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh trínár n-ardán ar líne.
8. Ní mór do gach iarratas cloí leis na treoirlínte atá leagtha amach sa doiciméad seo.
9. Seolfar admháil ar líne chuig an iarratasóir á dheimhniú go bhfuarthas an t-iarratas.
10. Féadfaidh go ndéanfaidh painéal cleachtóirí gairmiúla ealaíon measúnú ar iarratais, ar painéal é lena n-áireofar ionadaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall.

11. Féadfaidh go ndéanfar gearrliostú.
12. Cuirfear na torthaí in iúl d'iarratasóirí a luaithe is indéanta.
    Meastar go dtógfaidh an próiseas foriomlán thart ar 6-8 seachtaine, idir iarratais a chur isteach agus na torthaí a chur in iúl.
13. Ní mór féachaint le hiarratais rathúla a dhéanamh inrochtana ag gach duine den phobal agus ionchuimsitheach i leith gach duine díobh.
14. Féadfaidh go gceanglófar ar iarratasóirí rathúla fianaise a thabhairt ar Árachas Dliteanais Phoiblí, ar Árachas Dliteanais Fostóra agus/nó ar Árachas Slánaíochta Gairmiúla, de réir mar is cuí, tráth shíniú na litreach tairisceana.
15. Ní mór lógó Chomhairle Contae Fhine Gall, lógó an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' agus lógó agus/nó creidiúnú na Comhairle Ealaíon, i.e., "le tacaíocht ón gclár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín'", a chur ar áireamh i ngach ábhar poiblíochta, preasa agus margaíochta, ar gach suíomh Gréasáin agus i ngach feachtas meán sóisialta a tháirgfear i dtaca leis an tionscadal.
16. Comhroinnfear nasc chuig na lógónna leis na hiarratasóirí rathúla uile.
17. Más rud é go n-eagrófar seoladh nó ócáid ceiliúrtha mar chuid den tionscadal, ní mór réamhfhógra a thabhairt d'Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall faoi nó fúithi agus cuireadh a thabhairt di freastal air nó uirthi.
18. Más rud é go ndéanfar an clár a athrú, a chur siar nó a chealú – go hiomlán nó go páirteach – déanfar teagmháil láithreach le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall chun togra athbhreithnithe a chur faoina bráid. I gcás gníomhaíochtaí nach féidir a athsceidealú laistigh den chreat ama ceadaithe, ní bheidh siad i dteideal cistiú a tharraingt anuas agus ní mór dóibh aon chistiú a dámhadh roimh chealú an chláir a aisíoc.
19. Tráth chríochnú a gcláir, ceanglófar ar iarratasóirí rathúla tuairisc iarchláir, cuntas Ioncaim agus Caiteachais ina mionsonrófar conas a caitheadh an cistiú, i dteannta admhálacha, agus cruthúnas á léiriú gur aithníodh an tacaíocht a fuarthas ó Chomhairle Contae Fhine Gall a chur isteach. Áireofar leis sin aon chláir/bróisiúir, aon phóstaeir, aon ghearrthóga preasa, aon ghrianghraif, aon seatanna scáileáin de shuíomh Gréasáin, etc.
20. Ní mór an cistiú a dhámhfar a chaitheamh go hiomlán roimh an 28 Feabhra 2027.
21. I gcás gurb iomchuí, ní mór cloí leis an dea-chleachtas agus leis an reachtaíocht maidir le Cosaint Leanaí, mar atá leagtha amach ag an Roinn Sláinte agus Leanaí – www.dohc.ie.
22. Forchoimeádann Comhairle Contae Fhine Gall an ceart chun an scéim cistiúcháin a athbhreithniú tráth ar bith agus aon athruithe a mheasfar a bheith riachtanach a dhéanamh gan aon réamhfhógra a thabhairt d'iarratasóirí.
23. Ceanglaítear ar iarratasóirí beartas RGCS Chomhairle Contae Fhine Gall a léamh ina iomláine.

24. Féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall faisnéis faoi na cláir chistithe uile a chomhroinnt go poiblí agus faisnéis faoi na cláir sin a chur ar áireamh i dtuarascálacha, i bhfoilseacháin agus in ábhar poiblíochta.
25. Is ag na hiarratasóirí i gcónaí a bheidh na cearta cruthaitheacha uile. Tabhair faoi deara go bhféadfaidh, tar éis iad a mheasúnú, nach mbeifear in ann aiseolas mionsonraithe a thabhairt ar iarratais a cuireadh isteach.
26. Más rud é go mbeidh drochamhras ann go bhfuair iarratasóir, grúpa pobail nó eagraíocht pobail aon chistiú go calaoiseach nó gur úsáid sé/sí aon chistiú go calaoiseach, déanfar é sin a imscrúdú agus a réiteach i gcomhréir le Beartas Chomhairle Contae Fhine Gall um Chalaois agus Éilliú a Chomhrac.

## Ráiteas Cosanta Sonraí

Maidir le haon fhaisnéis phearsanta a sholáthróidh an t-iarratasóir, déanfar í a phróiseáil, a stóráil agus a bhainistiú i gcomhréir dhlúth leis an Rialachán Ginearálta ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Is é an cuspóir a bheidh le do shonraí a phróiseáil ná an t-iarratas ar an Scéim Síolchistiúcháin *Making Waves* 2026 de chuid an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' a phróiseáil ar aon dul le critéir na dámhachtana seo. Is é Painéal Measúnaithe a dhéanfaidh measúnú ar an bhfaisnéis a sholáthrófar. Coinneofar an fhaisnéis i gcomhréir le beartas RGCS Chomhairle Contae Fhine Gall agus leis an mBeartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil. Más rud é nach soláthrófar na sonraí pearsanta a iarrfar, ní bheidh Comhairle Contae Fhine Gall in ann an t-iarratas a phróiseáil.

Tá na cearta seo a leanas ag an iarratasóir i ndáil le sonraí pearsanta, in imthosca áirithe agus faoi réir na ndíolúintí is infheidhme:

- an ceart chun na sonraí pearsanta a shealbhaímid faoin iarratasóir a rochtain, i dteannta faisnéis eile faoin dóigh a bpróiseálaimid na sonraí pearsanta sin,
- an ceart chun a cheangal ar Chomhairle Contae Fhine Gall aon mhíchruinnis atá sna sonraí pearsanta a cheartú,
- an ceart chun a cheangal ar Chomhairle Contae Fhine Gall na sonraí pearsanta a léirscriosadh,
- an ceart chun a iarraidh nach ndéanfadh Comhairle Contae Fhine Gall na sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh chun críocha ar leith,
- an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne úsáid na sonraí pearsanta ag Comhairle Contae Fhine Gall nó i gcoinne an mhodha ina bpróiseálann Comhairle Contae Fhine Gall iad.

- Tabhair faoi deara, chun cabhrú le do phríobháideacht a chosaint, go ndéanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall bearta chun aitheantas an iarratasóra a fhíorú sula dtabharfaidh sí rochtain ar shonraí pearsanta.
- Más rud é go mbeidh tú, mar iarratasóir, ag iarraidh aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú, cuir iarraidh faoi bhráid Oifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Contae Fhine Gall, agus mionsonraí sonracha á dtabhairt faoin iarraidh. Seol ríomhphost chuig dataofficer@Fingal.ie nó tabhair cuairt ar www.fingal.ie/council/service/data-protection
- Próiseálfar gach iarraidh bhailí gan moill mhíchuí agus, i gcás ar bith, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil. Féadfar an tréimhse sin a fhadú go ceann dhá mhí eile ar a mhéad, i gcás gur gá.

## Leideanna maidir le d’Iarratas a Chomhlánú

- Léigh na Treoirlínte go Cúramach: Sula dtosóidh tú ar d’iarratas, déan cinnte de go léifidh tú na treoirlínte go cúramach chun critéir incháilitheachta agus téarmaí na Scéime Síolchistiúcháin *Making Waves* de chuid an chláir ‘Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín’ a thuiscint.
- Méadaigh an Seans go nÉireoidh Leat: Trí thuiscint iomlán a bheith agat ar na critéir agus ar na ceanglais, beidh an seans is fearr agat iarratas láidir a chur isteach.
- Soláthair Faisnéis Iomchuí: Déan cinnte de go dtabharfaidh tú don phainéal measúnaithe an fhaisnéis ar fad a theastóidh uaidh chun an t-iarratas a mheasúnú go cruinn – bí soiléir agus gonta.
- Léigh Gach Ceist go Mion: Sula dtabharfaidh tú freagra, léigh gach ceist go cúramach chun a chinntiú go mbeidh na freagraí iomchuí agus iomlán.
- Caith leis an Iarratas amhail is dá mbeadh sé ar an gCéad Iarratas riamh: Ná déan talamh slán de go mbeidh eolas ag an bpainéal measúnaithe ar obair an duine aonair ná ar obair na heagraíochta. Caith le gach iarratas amhail is dá mbeifeá ag cur an chláir i láthair den chéad uair riamh.
- Tá Soiléire ar an Rud is Tábhachtaí: Ós rud é go ndéanfaidh roinnt daoine athbhreithniú air, tá sé tábhachtach go mbeadh an t-iarratas soiléir agus sothuigthe.
- Comhlánaigh na Rannáin Airgeadais: Déan cinnte de go mbeidh na rannáin ioncaim agus chaiteachais den iarratas comhlánaithe go hiomlán. Déan cinnte de go luafaidh tú an méid cistiúcháin deontais atá á iarraidh. Tá ríthábhacht ag baint le soiléire buiséid maidir le meastóireacht an phainéil.
- Bí ar an Eolas faoi Cad atá Uait: Bíodh tuairim shoiléir réalaíoch agat ar do chlár agus ar an gcostas a bheidh air. Tá sé níos éasca meastóireacht a dhéanamh ar thogra dea-phleanáilte agus, i gcomparáid le tograí eile, is mó seans go n-éireoidh leis. Dírigh ar na ceisteanna ‘Cé’, ‘Cad’, ‘Cén áit’, ‘Cén uair’ agus ‘Cén fáth’.
- Soláthair amlíne cláir: Más iomchuí, cuir plean agus amlíne cláir ar áireamh chun a léiriú go gcuirfear an clár i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.
- Uaslódáil an Doiciméadacht Tacaíochta ar Fad: Seiceáil arís ar uaslódáladh an doiciméadacht tacaíochta ar fad sula gcuirfidh tú d’iarratas isteach.
- Faigh Tuairim Eile: Iarr ar dhuine eile d’iarratas a athbhreithniú sula gcuirfidh tú isteach é. Is féidir le duine eile cabhrú le botúin nó rannáin dhoiléire a thabhairt faoi deara.

# Treoir céim ar chéim maidir le conas foirm a chomhlánú agus a chur isteach ar Submit.com

Ardán ar líne atá deartha chun an próiseas iarratais a chuíchóiriú is ea Submit.com.

Céim 1: Faigh rochtain ar an bhfoirm

1. Cliceáil ar an nasc díreach chuig an bhfoirm a soláthraíodh duit leis an ríomhphost.
2. Logáil isteach i do chuntas ar Submit.com ach an t-ainm úsáideora agus an pasfhocal a iontráil, nó lean na treoracha chun clárú.
3. A luaithe atá tú logáilte isteach, téigh chuig an bhfoirm is gá duit a chomhlánú ón deais. Is gnách go mbeidh nasc chuig an bhfoirm le fáil ar fingalarts.ie.

Céim 2: Comhlánaigh na réimsí den fhoirm

1. Léigh gach rannán den fhoirm go cúramach sula gcomhlánóidh tú í. Is féidir go n-áireofar iad seo a leanas le gach rannán:
    - Faisnéis Phearsanta: Ainm, mionsonraí teagmhála, etc.
    - Mionsonraí an Togra: Faisnéis faoi do chlár ealaíon
2. Freagair na ceisteanna éigeantacha uile (a bhfuil réiltíní in aice leo) agus tabhair an oiread mionsonraí agus is gá sna réimsí téacs oscailte.
3. Maidir le roghchláir ilrogha nó roghchláir anuas, roghnaigh na roghanna cuí, bunaithe ar do staid nó ar do thionscadal.
4. Sábháil do dhul chun cinn go tráthrialta trí chliceáil ar an gcnaipe “Sábháil” ag bun na foirme.

Céim 3: Uaslódáil doiciméid

1. Sna rannáin inar gá duit doiciméadacht tacaíochta a sholáthar (e.g., CVanna, beathaisnéisí), cuardaigh an cnaipe “Uaslódáil”.
2. Cliceáil ar an gcnaipe “Uaslódáil”. Osclófar brabhsálaí comhad ansin.
3. Roghnaigh an comhad ó do ríomhaire ba mhaith leat a uaslódáil (ní mór comhaid a bheith i bhformáid PDF, Word, Excel nó JPEG).
4. A luaithe atá an comhad roghnaithe, beidh sé le feiceáil mar chomhad uaslódáilte ar an bhfoirm. Cinntigh go ndéanfar na doiciméid iarrtha uile a uaslódáil, amhail iad seo a leanas:
    - CVanna, beathaisnéisí,

- Samplaí de shaothar roimhe (íomhánna, físeáin, etc.)
- Litreacha tacaíochta nó gealltanais

Céim 4: Comhlánaigh an rannán buiséid

1. Téigh go dtí an rannán dar teideal “Miondealú Airgeadais”.
2. Líon isteach an teimpléad buiséid atá tugtha. Iontráil na mionsonraí seo a leanas:
   - Ioncam: An méid cistiúcháin a bhfuil tú ag déanamh iarratas air, mar aon le haon fhoinsí ioncaim breise atá faighte nó a bhfuiltear ag súil leo
   - Caiteachas: Liostaigh na costais chláir uile a bhfuiltear ag súil leo (e.g., táillí ealaíontóirí, fruiliú ionaid, ábhair).
   - Déan cinnte de go bhfuil an t-ioncam iomlán cothrom leis an gcaiteachas iomlán. Cé gur cheart don chóras é sin a ríomh go huathoibríoch, seiceáil na hiomláin arís chun a chinntiú go bhfuil an buiséad cothromaithe.

Céim 5: Fíoraigh do shíniú

1. Más rud é gur gá síniú digiteach a chur ar an bhfoirm, scrollaigh chuig an rannán sínithe ag deireadh na foirme.
2. Iarrfar ar an iarratasóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:
   - A (h)ainm a chlóscríobh i mbosca sínithe chun a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis cruinn.
   - Uirlis sínithe dhigitigh a úsáid chun an fhoirm a shíniú go leictreonach.
3. Déan cinnte de go gcuirfidh tú tic le haon bhoscaí lena ndeimhnítear go gcomhaontaíonn an t-iarratasóir le téarmaí agus coinníollacha an iarratais sula gcuirfidh tú an fhoirm isteach.

Céim 6: Cuir an fhoirm isteach

1. Déan athbhreithniú ar an iarratas ar fad chun a chinntiú go bhfuil gach réimse comhlánaithe, go bhfuil na doiciméid uaslódáilte, go bhfuil an buiséad ceart, agus go bhfuil an síniú fíoraithe.
2. Má tá gach rud ceart, cliceáil ar an gcnaipe “Cuir Isteach” ag bun na foirme.
3. Tar éis an t-iarratas a chur isteach, seolfar teachtaireacht deimhniúcháin á lua gur cuireadh an t-iarratas isteach go rathúil. Déan cinnte de go sábhálfaidh tú an deimhniú sin.

Nótaí:

- Cinntigh go bhfuil an t-ainm ceart ar na doiciméid uile (e.g., “CV_JohnDoe.pdf”) chun aon mhearbhall a sheachaint.
- Seiceáil teorainneacha méide comhaid agus formáidí comhaid arís (ar gnách go mbeidh siad liostaithe in aice leis an gcnaipe uaslódála).
- Más rud é go bhfaighfear teachtaireacht earráide agus an t-iarratas á chur isteach, seiceáil an bhfuil aon réimsí neamhiomlán nó an bhfuil aon doiciméid in easnamh sula mbainfidh tú triail eile as.
- Ní ghlacfar le haon iarratais a sheolfar leis an ríomhphost ná leis an bpost. Ní mór d’iarratasóirí iarratas a dhéanamh trínár n-ardán ar líne.